BIG WALK AND WHEEL

16 – 27 Marta 2026

Walk Wheel Cycle Trust

Headline sponsor SCHWALBE



# Gníomhartha leis an domhan a athrú

## Athraigh do thuras, athraigh an domhan

## Cuspóirí

A fhoghlaim cad é mar a imríonn na bearta a dhéanann daoine aonair tionchar ar an domhan mhór.

A fhoghlaim faoi Spriocanna na Forbartha Inbhuanaithe agus cad é mar is féidir leis an taisteal ghníomhach iad a bhaint amach.

## Plean don tseisiún

Taispeáin an físeán seo do dhaltaí agus cuir na Náisiúin Aontaithe agus Spriocanna na Forbartha Inbhuanaithe ina láthair.

www.bbc.co.uk/bitesize/topics/zn73vwx/articles/zjmm7yc

Roinn an rang i ngrúpaí. Priontáil agus gearr amach Spriocanna na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus tabhair paca do gach grúpa. De rogha air sin, d'fhéadfá iad a chur ar an chlár bhán agus plé idirghníomhach a dhéanamh.

Abair leis na daltaí plé a dhéanamh ina ngrúpaí agus sealanna a ghlacadh le sprioc a roghnú agus a mhíniú cad é mar a d'fhéadfadh leis an taisteal ghníomhach í a bhaint amach. Mar shampla, cuidíonn taisteal gníomhach sláinte agus folláine daoine a fheabhsú = sprioc maidir le forbairt inbhuanaithe 3.

## Am atá de dhíth

30–40 bomaite

## Acmhainní atá de dhíth

- Spriocanna maidir le forbairt inbhuanaithe (le feiceáil thíos)
- Siosúr (roghnach)
- Páipéar agus peann (fá choinne obair bhreise)

## Gníomhaíocht aonair/grúpa

An dá rud

## Nasc curaclaim

- Teanga agus litearthacht
- An saol thart orainn

## Obair bhreise

### Cur síos ar an obair bhreise

Spreag daltaí leis an mhéid atá foghlamtha acu faoin taisteal ghníomhach agus Spriocanna na Foghlama Inbhuanaithe a úsáid agus óráid a scríobh chuig an Chéad-Aire le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le siúl, dul i gcathaoir rotha, scútáil agus rothaíocht. Más gá thig le daltaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i mbeirteanna.

### Gníomhaíocht bhreise

Samhlaigh go bhfuil an deis agat labhairt leis an Chéad-Aire faoin dóigh ar féidir leis an taisteal ghníomhach cuidiú na spriocanna maidir le Forbairt Inbhuanaithe a bhaint amach. Cad é déarfá?

Déan iarracht óráid nó litir a scríobh.

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (326550), in Albain (SC039263) agus i bPoblacht na hÉireann (20206824)

Walk Wheel Cycle Trust

# SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

